

AN TRÍOMHADH LÁ DE LUGHNASA

Ag teacht ó Chill Mhuirbhígh indiu dom, tráthnóna tar éis luighe na gréine, chonnaiceas an chuachóg arís. Bhí sí i lár páirce bige arís, ar an taoibh ó thuaidh de'n bhóthar in aice le teampull Eochaille, marach a' chasaid íseal a bhí ar siubhal aice agus na riabhóga ghá freagairt ní thiubharfainn faoi deara í. Chuadar síos an aill agus isteach sa bpáircín. Choinnigheas go dlúth le balla go dtáinigear go dtí an pointe ba goire dí agus d'fhanas antsocair gan cor asam agus na trí éan ghá bhfaire agam. Bhí an dá éan bheaga go gnartheach ar fud na páirce ag fághailt do'n chuachóg agus ag teacht go dtí í le biadh an fhaid bhídís imthighe uaithe bhíodh sise gá ngearán agus iadsan gha freagairt. Chonnaic mé an riabhóg ag teacht anuas ar druim na cuachóige go minic agus ag tabhairt bídh dí ar an gcuma sin. Shíl mé dul níos goire don chuachóg go bhfuighinn amharc maith uirthi. Ghluaiseas amach ón mballa go réidh ar fad gan aon fhuadar fúim agus ní thugainn coisméig ach uair gach noiméad. Ní rabhas dhá shlait ón mballa nuair thug na riabhóga faoi deara mé agus d'éirigheadar de'n talamh agus chuaidh ar bhalla na páirce agus iad ag glaodhach go himnidheach ar an gcuachóg. Níor chorruigh sise. Thugas coisméig eile, coisméig eile, coisméig eile go dtí go rabhas i bhfoisgeacht dhá shlat dí. Bhí sí ina luighe ar a talamh gan cor aistí. D'árduigh sí a ceann go tobann amhlaidh is dá mbeadh sí gan tabhairt faoi deara de'n chéad uair, ach níor imthigh sí. D'ísligh a ceann arís agus thosuigh ar an gcasoid íseal arís, le linn an ama seo bhí na riabhóga ag glaodhach ón mballa. Thugas coisméig eile, coisméig eile, coisméig eile bhíos i bhfoisgeacht trí slat de'n chuachóg agus amharc breagh agam uirthi, bhí sí ina luighe go socair annsin romham. Thugas faoi deara an brollach mar bheadh ar shean-chuach, na stríocaí treasna geal agus corcra, agus an druim corcra, an ceann liath. Shíleas dul níos goire dí, d'éirigh sí agus d'imthigh. Thug cuid de mhuintir an bhaile faoi deara sa bpáirc mé agus tháinig fear óg agus malraigh anuas go dtí an bóthar gham' fhaire. Nuair tháinig aníos labhrúigheas leo. Bhí eolas aca ar an gcuach agus ar a banaltra. An chaológ deir siad, a thógas an chuachóg. Dubhairt an fear liom go bhfuil dá chinéal de na caológa ann agus go bhfuil pipit mar Bhéarla ar cheann aca.

3/8/27.

Bhí nead ag an bpréachán cosdearg san sean-teach soluis in aice le Eochail i mbliana. (Preachán a thugas muintir Árann air).

Deir fear in Eochail liom go neadann péire fiach dubh ins an aill inaice le Dún Aonghusa gach bliain. Cuireann an seanphéire ruaig ar an dá cheann óga chomh luath is bhíos siad indon imtheacht – is minic a chonnaic sé na ceithre cinn san aer in eindigh. "Domhnall Dubh" atá aca ar an bhfiach dubh.

4/8/27. Prisleachán – cineál éan aille, é beag. Dath ar nós éin giúrainn air. Gaibín dearg bíonn sé san bhfarraige in éindigh leis na héanacha aille

– prisleachán mór (prisleacha widgeon) – teal?

Cóinín (fuaime cúinín) bíonn an cóinín ins na líonta Inis Mór.

Gé gheal=herring gull

má bactar leis an nead bíonn sí fíochmhar. Sí an ghé gheal a leigeas amach an prúnntach Inis Mór.

Cearca geala = baoidhtí

Inis Mór.

Láimhriocht ainm ar ghiolla na cuaiche i dTír Eoghain.

Fiodógín sléibhe (i mBéara Chorcaighe)

= Giolla na cuaiche.

5/8/27.

Saidhbséar = Kittiwake

Micheál Ó Madáin – Inis Mór

Prisleachan.

Prisleacha.

Bhí camghob tamall i gCill Ronáin an samhradh seo. Chonaic an Dr. Ó Briain é agus é ag fágthailt ins na pónairí.

Áirleacan iasacht.

Diomuach

Diombuach

Ní bheidh tú diombuach dhe do chuid trioblóide

Teampull Eochalla.

Micheál Ó Maoláin.

Tomás Peircín bhíodh ag cuartú uibheacha liom.

Caithfidh mé baramhail a thabhairt dó. Deich bhfeadh fichead síos go dtigidh tú go dtí an leacan (go dtí an airgint – an sgailp

an áit a bhfuil siad a’ breith. Bruach na haille (the birds’

crevice).

Cábla faoi do lár agus aníos faoi do ghaoil. Ní raibh oiread na fuinneoige aca le dul amach as an bpoll.

Ochtar daoine ‘gam leigint le haill.

Ba geall le tóirneach na héin sa bpoll.

“A dheabhail” adeir Tomás

Céard a deanfaimid”?

Gabhfaidh mise romhad, adeir Tomás.

Is mó an sgéal tusa ná mise” adeirim-se.

Thosuigh mé ag sonndáil romham le maide (sa bpoll).

Na huibheacha i crevices dá dtabhairt amach le slat agus sparán
ar a bharr. Áit an-bhréan agus salach.

Mharbhuigheamar ocht sgór éanacha istigh san bpoll sin éanacha aille uile, ach dá cholúr.

Bhí mise gá síneadh chuig Tomás agus sisean gá mharbadh ag casadh na gceann díobh.

Bhí dá pholl ann – uamhan istigh, ba fairsinge an poll istigh ná an poll amuich.

Bhíodh geamhar féir ag fás istigh ann on ngráin a thug na cuilin istigh chuig na cinn óga. Bhí arbhar
ag fás san umhan.

Is níor fhéad mé breith ortha – Ml. Ó Maoláin.

D’fhéadfá imtheacht isteach ar do chromadh.

Taoibh amuich bhí na héanacha aille ag breith le fathchíos romhainn. Chuadar isteach sa bpoll.

Geantracha= iron punches

É chur san aill le bealach a dhéanamh dom féin san leicean.

Dhíolamar na héanacha le muintir na háite. Tá siad go maith le n-ithe agus an clúmh go maith.

Teach le féar – Inis Mór.

Tá ola ar foghnámh ins na éanacha aille.

Clúmh faoileán is boige, bhíodh clúmh gá díol ag muintir Árann le haghaidh leabtha, dhíolas féin é.

Dún Dubchathair, mharbhuigh mé féin éin ann, agus ag Aill Poll an Iomaire agus ag Aill an Sgrios
Mór, Aill an Chró, Aill a Bhláca. Chuir mé clár mór fada amach le háill le uibheacha fhághail. Aill an
tSrailleáin in aice le Aill an Bhláca.

Cabla tunbh 60 feadh.

Leic a’Turlach mharbhuigh mé éanacha ann.

Rópa faoi mo lár agus faoi mo ghabhail aníos.

Aill an Chlochair Bhig.

An Poll Dubh.

(Aill an Phoill Dubh i gCreig an Chéirín)

Bhí mé ar an leic ar feadh na hoidhche agus mé ag marbhú éan agus baladh trom á thabhairt – an áit
bréan.

Drúth lodar – téad chun éanacha a cheangal; súil ar an téad le haghaidh gach éin. Tógann a muintir
thuas an drúth agus na drúgh láidir druim spiléid.

héanacha air. Dubhloisg – overhanging cliff.

Aill na mBrogheall sin é an áit ar casadh an bhroigheall bradach liom- Gleann a' Charnáin mé féin, mo dearbháthair agus Seán Seoighe mharbhuigheamar go sgór éanacha aille agus ocht sgór broigheall ag Gleann a Charnáin os cion Bun Gabhla.

Ollán na gCrosán – sé is fuide siar.

Broigheall óg an bhrollaigh bháin, tá sé blasta le n-ithe, có maith le gé. Tá crosán có maith le éan áille.

Leigtí síos mé le solus lae agus d'fhanfainn ann feadh na hoidhche. Ní thiginn aníos go maidhneachan lae go dtagadh an congnamh.

Fairseacht= fanacht.

Ag ráth a chéile suas san aill.

Leac na Maidí Rámha.

Bhí mé san aill oidhche d'éirigh farraige, dar go deimhin.

Chraithfeadh sí an aill a shail go rinn. Faithíos orm go léimfeadh an fharraige suas ar an leic a raibh mo bheirt dearbhráthair ann.

Ina dhóthair contabhairt, bhí mé i gcontabhairt. Shín mé mo lámh amach agus rug Padraic ar bharr na méar orm agus shábhail sé mé.

Ó hordlach go hordlach b'éigin do dul indiaidh a chúil romham.

Níl mé ag iarraidh ar an saoghal seo ach greim mo bhéil agus slam móna.

Cearca Geala= baoidhte.

Caltóga blackheaded gulls.

Coinnigeann siad le chéile in aimsir gála.

Labhrán glas, éan trágha.

Is feadóg trágha an ringed plover.

Píobaire an ghainimh sandpiper. Bíonn sé in Arainn san samhradh.

Is mór an phráinn a bhíos agam in éanacha.

5/8/27.

Teampull Ciaráin.

Nead na fainleóige san bhfuinneoig istigh.

Teampull Sabhairne

Tobar.

An sgeach mhór (agus aon lon déag ann, spideog agus gealún craige, seabhac ar an gcarraic ghá bhfaire.

Éanacha in Inismhór.

Spideog

Riabhog mhóna.

(Caológ)

Cuach

Caislín cloch.

Dreoilín.

Cam gob aistreánach.

Smolach.

Londubh.

Caislín ceann dubh, Caislín, ceann dubh.

(Caipín Aitinn).

Fuiseog.

Dreoilín dubh=bodarán.

Gcalbhan tighe.

(Gealbhan Tighe.

(Gealbhan sgiobóil).

Ruadhan alla.

Colm aille nó carraige.

Cathóg Chosdearg.

Coróg (Bhídis ann gann le goirid)

Preachán dubh.

Tradhnach.

Meanntán gorm.

Glasóg.

(Seán a'chaptín)

Gealbhan craige.

Fiach dubh.

(Domhnall Dubh)

Seabhac Seilge.

Goinéad.

Druimneach

Druimneach beag.

Faoileán na Sgadán an faoileán glas

Faoileán bán.

Faoileán ceann dubh.

Geabhróg.

Roilleach

Seabhac na faoileáin.

Éan aille (geal)

Éan aille (donn)

Corr Éisg (5/8/27)

Ladhrán cosdearg.

Gobadán an ropaire gainimh.

Crotach.

Druid.

Gealbhan buidhe.

Fáinnleóg 5/8/27.

Ean giubhrann.

Faocha mhór.

Lúnadán.

Crosán.

Broigheall.

Cailleach dubh.

Feadóg Trágha.

Gé bheag fionn.

Prisleacha.

Saidhbhséar.

Colm cairrge.

An chearc uisge.

An buidhchóg glas (Corn bunting)

Caislín Dearg. Deir O Maoláin gurb é an stonechat an caislín dearg. Tá réasún leis seo, mar go mbíonn brollach dearg ar an gcoileach.

Redpoll; Níl aon ainm Gaedhilge agam air seo, is cosúil nach é an caislín dearg é agus nach caislín beag ná mór é. Tugtar caislín ar éan a bhíos ag imtheacht ar an talamh nó ar na clochar.

Caipín dearg – dhéanfadh se cúis.

Chó cabach le roilleach.